MAIDIR LE hIARRATAS CHUIG

AN mBORD PLEANÁLA

AR CHEADÚ (I) CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE DE BHUN ALT 51 D'ACHT NA mBÓITHRE 1993 (ARNA LEASÚ); (II) SCÉIM MÓTARBHEALAIGH CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE 2018; agus (III) SCÉIM BÓTHAIR CHOSANTA CHUARBHÓTHAR N6 CHATHAIR NA GAILLIMHE 2018

Tag. ABP ABP-302848-18 agus ABP-302885-18

ÉISTEACHT Ó BHÉAL

RÁITEAS Fianaise

Freagairtí ar Ithreacha agus ar Gheolaíocht

Agóidí/Aighneachtaí

le

**Juli Crowley**

**BE MSc Eng MIEI CEng**

agus cuidithe ag

**Marie Fleming**

**PGeo EurGEOL BSc MSc DIC PgCERT MIEI**

Arup

**19 Feabhra 2020**

# 1 Cáilíochtaí agus Taithí

## 1.1 An Príomh-Fhinné

1.1 Juli Crowley is ainm dom agus is Innealtóir Geoiteicniúil Sinsearach mé le Arup ag obair leis an bhfoireann Innealtóireachta Talún. Tá breis is 14 bliana taithí agam san innealtóireacht. Tá Baitsiléir Innealtóireachta san Innealtóireacht Struchtúr agam ó Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (BEng, 2005) agus Máistreacht san Innealtóireacht Gheoiteicniúil ó Ollscoil Newcastle (MSc Eng, 2012) agus is Innealtóir Cairte mé le hInstitiúid Innealtóirí na hÉireann (CEng, 2011).

1.2 Tá taithí fhairsing agam san indéantacht, dearadh agus tógáil gheoiteicniúil. D’oibrigh mé ar réimse leathan tionscadal, tionscadail in earnáil an bhonneagair ina measc amhail Mótarbhealach M20 Corcaigh go Luimneach agus Scéim Chosaint ó Thuile Mhala. Tá taithí tionscadail agam ag an gcéim coincheapa, réamhphleanála, réamhthairisceana, dearadh mionsonraithe agus iarthógála.

## 1.2 Finné Taca

1.2.1 Is Comhlach Arup í Marie Fleming a oibríonn san fhoireann Innealtóireachta Talún in Arup. Tá céim onóracha Baitsiléara Eolaíochta (Domhaneolaíocht) ag Marie ó Choláiste na hOllscoile Corcaigh agus Céim Máistir sa Gheolaíocht Innealtóireachta ón Imperial College London. Tá breis is 18 mbliana de thaithí ghairmiúil ag Marie ar mhórthionscadail bhonneagair agus is Geolaí Gairmí (PGeo) í le hInstitiúid Geolaithe na hÉireann, Geolaí Cairte Eorpach (EurGeol) le Cónaidhm Eorpach na nGeolaithe agus Comhalta den Geological Society of London (GSL).

1.2.2 Is iar-uachtarán í Marie d’Institiúid Geolaithe na hÉireann, Cathaoirleach Údarás Clárúcháin Chónaidhm Eorpach na nGeolaithe agus ball de Choiste Caidrimh Sheachtraigh an GSL. Tá sí agus bhí sí ina comhairleoir tionscail ar roinnt tionscadail taighde Geolaíochta Innealtóireachta agus is léachtóir cuartaíochta í sa Gheolaíocht Innealtóireachta sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Coláiste na hOllscoile Corcaigh agus Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

# 2 Ról san Fhorbairt Bóthair atá Beartaithe

2.1 Tá mé ag obair mar an príomhinnealtóir geoiteicniúil ar Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (GCRR) ó 2015 i leith. Rinne mé foireann geolaithe agus innealtóirí geoiteicniúla a bhainistiú chun measúnacht a dhéanamh ar ithreacha agus ar gheolaíocht na forbartha bóthair atá beartaithe. Bhí mé freagrach as gné gheoiteicniúil an dearaidh le haghaidh na forbartha bóthair atá beartaithe lena n-áirítear (ach gan a bheith teoranta do) na struchtúir a leanas: Tollán Leacaigh, Tarbhealach Mhionlaigh, Ráschúrsa na Gaillimhe agus Droichead Abhainn na Gaillimhe.

2.2 Tá Marie ag obair ar an tionscadal ó 2014 i leith, ag cur taithí leanúnach geolaíochta innealtóireachta ar fáil i gcomhair na forbartha bóthair atá beartaithe. Ba í Marie an piar-athbhreithneoir sinsearach ar Chaibidil 9, Caibidil na nIthreacha agus na Geolaíochta freisin den TMTT.

2.3 Rinne ár bhfoireann scópáil, maoirsiú agus bainistiú ar na hiniúchtaí talún a rinneadh chun faisnéis a thabhairt do mheasúnacht agus do dhearadh na forbartha bóthair atá beartaithe.

2.4 I dteannta ár measúnachta ar an timpeallacht ithreach agus gheolaíochta mar atá i gCaibidil 9 den TMTT, rinneamar comhordú, dearadh (nuair ba chuí) agus seachadadh ar thuarascáil an Mheasúnaithe Gheoiteicniúil agus Hidrigeolaíochta ar Thollán Leacaigh, ar thuarascáil Bhonnlíne na Limistéar d’Ábhair Thrámha agus ar thuarascáil ar Riachtanais Limistéir d’Ábhair Thrámha Chairéal Leacaigh.

# 3 Príomh-shaincheisteanna maidir le hIthreacha agus Geolaíocht

3.1 Glactar leis gur léadh Caibidil 9 den TMTT ina hiomláine agus ní dhéantar aithris uirthi anseo. Chun cabhrú leis an mBord a mhachnamh a dhéanamh ar an iarratas seo i gcomhair Ceada agus ar mhaithe le háisiúlacht na rannpháirtithe go léir ag an éisteacht seo, agus chun comhthéacs a leagan amach do fhreagairt ar ithreacha agus ar an ngeolaíocht, tugtar achoimre ghairid thíos ar na príomh-mhíreanna a bhaineann leis an measúnacht ar cháilíocht an aeir i leith na forbartha bóthair atá beartaithe agus atá mionsonraithe i gCaibidil 9 de TMTT.

3.2 Leagtar amach na hithreacha glactha agus timpeallacht na geolaíochta laistigh den limistéar staidéir go mion i gCuid 9.3 de Chaibidil 9 den TMTT. Sa chuid seo, cuirtear forbhreathnú réigiúnach ar fáil i dtéarmaí geomoirfeolaíochta, topagrafaíochta, ithreacha agus geolaíocht sholadach an limistéir áitiúil agus ina dhiaidh sin tá fo-rannáin ina sainaithnítear aicmiú thábhacht ghné na n-ithreacha talmhaíochta, na sil-leagain dhromchla, geolaíocht buncharraige, talamh bog agus éagobhsaí, talamh éilithe, gnéithe tuaslagtha carst, acmhainní mianraí agus tathagaithe agus láithreáin oidhreachta geolaíochta laistigh den limistéar staidéir.

3.3 Coimisiúnaíodh cúig chonradh le himscrúdú talún a dhéanamh le linn chéimeanna na srianta, na roghanna bealaigh agus deartha don fhorbairt bóthair atá beartaithe, chun tacú leis an staidéar ar an timpeallacht ghlactha agus leis an staidéar a dheimhniú. Bhí na himscrúduithe talún seo (a bhfuil na tuarascálacha fíorasacha díobh ar fáil in Aguisín A.9.1 den TMTT) mar bhonn eolais do dhearadh na forbartha bóthair atá beartaithe, agus don mheasúnú ithreacha agus geolaíochta a chuirtear i láthair i gCaibidil 9 den TMTT, mar aon le haon sonraí imscrúdaithe talún stairiúla, sonraí ó thaighde deisce agus réamhshuirbhéanna ábhartha.

3.4 Ba ón bhfaisnéis seo a forbraíodh plean agus próifíl don tsamhail de láithreán coincheapúil don fhorbairt bóthair atá beartaithe bunaithe ar na sonraí imscrúdaithe talún, féach Fíor 9.8.001 go dtí Fíor 9.8.012 den TMTT. Léirítear sonraí imscrúdaithe talún sna fíoracha seo ina ndéantar achoimre ar riocht na talún, an topagrafaíocht atá ann, agus na leibhéil talún beartaithe agus dá réir sin, na doimhneachtaí gearrtha agus líonta lena bhfuiltear ag súil ar fud na forbartha bóthair atá beartaithe.

3.5 Cuimsítear i ngeomoirfeolaíocht ghinearálta an limistéir thiar topagrafaíocht dhroimneach go tulógach i limistéir eibhir fhorshrathnaithe (Ch. 0+000 go Ch. 8+500 Go ginearálta, i measc na n-ithreacha atá le fáil sa limistéar tá meascán de phodsail mhóinteacha, de bhratphortaigh móna / liteasail / reigeasal agus gléireach uisce dromchla, forshrathnaithe ag fo-ithreacha lena n-áirítear paistí móna agus fosaithe gláracha a bhaineann le sruthchúrsaí reatha agus stairiúla, agus den chuid is mó ag till oighreach thar ionsá luath-láir eibhir Deavónach ar a dtugtar Batailit Eibhir na Gaillimhe agus bruthcharraigeacha ionsáite eile.

3.6 Ar dhul trasna Abhainn na Gaillimhe, níl an topagrafaíocht i dtreo an taobh thoir chomh droimneach is atá sé sa taobh thiar. Cuimsítear sna hithreacha sa taobh thoir

podsalach liathdhonn, móin liteasail agus reinsíne / liteasail, forshrathnaithe ag fo-ithreacha ina bhfuil fosaithe gláracha a bhaineann le sruthchúrsaí reatha agus stairiúla, agus till oighreach a díorthaíodh ón mbuncharraig faoi den chuid is mó. Is Aolchloch Viséach Charbónmhar carst atá ina buncharraig sa limistéar seo ó Ch. 8+500 go neasach (siar ó Abhainn na Gaillimhe) go dtí Ch. 17+500.

3.7 Faoi mar a chuirtear síos air i gCuid 9.5 de Chaibidil 9 den TMTT, tá tionchair fhéideartha ann do na hithreacha agus don timpeallacht geolaíochta mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Déantar na tionchair fhéideartha sin a chinneadh de réir na ngníomhaíochtaí tógála agus oibríochta. Ina measc siúd, tá na tionchair fhéideartha a tarraingíodh anuas sna haighneachtaí/agóidí:

- An tionchar féideartha a bhaineann le tochailt carraige le linn tógála mar thoradh ar na gníomhaíochtaí pléasctha
- An tionchar féideartha don chosán Aolchloiche le linn an tollánú a dhéanfar mar chuid den tógáil
- An tionchar féideartha ar ithreacha agus ar gheolaíocht le linn tollánaithe mar thoradh ar éilliú
- An tionchar féideartha foriomlán ar ithreacha

3.8 Tugadh faoi bhreithmheas ar na tionchair fhéideartha seo ar ghnéithe geolaíochta i rith na gcéimeanna tógála agus oibríochta atá le fáil i gCuid 9.5.3 agus 9.5.4 de Chaibidil 9 den TMTT.

3.9 Leagtar amach bearta le haghaidh maolú na dtionchar ar ithreacha agus geolaíocht i gCuid 9.6 de Chaibidil 9 den TMTT. Áirítear leis sin na bearta sonracha a chuirfear i bhfeidhm i rith chéim na tógála (Cuid 9.6.2) agus na hoibríochta (Cuid 9.6.3).

3.10 Is éard atá sna bearta maolaithe beartaithe sraith chuimsitheach de na gníomhaíochtaí agus bearta cuí a dearadh chun an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar na hithreacha agus an geolaíocht aitheanta a sheachaint, a réiteach agus/nó a mhaolú.

3.11 Ní bheidh aon tionchar ag an mionathrú beartaithe ar Bhóthar Ceangail na Páirce Móire ar thorthaí measúnachta ithreacha agus geolaíochta atá sa TMTT agus i gcáipéis fhreagartha IFB.

3.12 Ní athraíonn an t-iarratas reatha ar chead pleanála atá ag OÉG (Tag 19/373) chun páirceanna imeartha breise a thógáil agus an dá iarratas ar fhorbairt tithíochta straitéisí atá beartaithe (Ob_229 agus Ob_469 agus S_003) conclúidí an mheasúnaithe tionchair charnaigh ar Ithreacha agus Geolaíocht atá sa TMTT.

# 4 Freagraí ar Aighneachtaí/Agóidí

## 4.1 Forbhreathnú

4.1.1 As an 296 aighneacht agus agóid a seoladh chuig an mBord Pleanála (ABP) maidir leis an Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT), Ráiteas Tionchair Natura (RTN), Scéim Mhótarbhealaigh (SM) agus Scéim Bóthair Chosanta (SBC) Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe (GCRR), ardaíodh saincheisteanna maidir le hithreacha agus geolaíocht i 31 díobh. Ardaíodh imní maidir le hithreacha agus geolaíocht i gcúig cinn bhreise den 17 aighneacht a fuarthas maidir leis an bhFreagra ar Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise. Déantar na míreanna a tarraingíodh anuas a rangú faoi dhá cheannteideal: (1) Na Tionchair Fhéideartha ar an Timpeallacht Ithreacha agus Geolaíochta agus (2) Aighneachtaí a bhaineann leis an Dearadh. Déantar na ceannteidil sin a fhoroinnt ansin mar seo a leanas:

1) Na Tionchair Fhéideartha ar an Timpeallacht Ithreacha agus Gheolaíochta:

- Pléascadh – An tionchar féideartha a bhaineann le tochailt carraige le linn tógála mar thoradh ar na gníomhaíochtaí pléasctha.
- Cosán Aolchloiche - An tionchar féideartha don chosán Aolchloiche le linn an tollánú a dhéanfar mar chuid den tógáil
- Na Tionchair Fhoriomlána ar Ithreacha
- Éilliú Féideartha ar thailte/ithreacha i rith tógála

2) Aighneachtaí a bhaineann leis an ndearadh:

- Tuairimí agus iarratas ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann
- Iarratas ar fhaisnéis shuirbhé agus na n-oibreacha créafóige
- Iarratas maidir le dearadh an Chlaífoirt
- Iarratas maidir le Cobhsú Fána na nGearrthacha
- Iarratas maidir le Dearadh na nOibreacha Créafóige.
- Iarratas maidir le disciplíní agus cáilíochtaí na speisialtóirí a chuir leis an bplean le haghaidh Limistéar Sil-leagain Ábhar i gCairéal Leacaigh
- Soiléiriú ar an Limistéar Sil-leagain Ábhar

## 4.2 Pléascadh

### Ceisteanna

4.2.1 Ardaíodh fiosruithe maidir leis an tionchar féideartha a bheidh ar réadmhaoin mar thoradh ar na gníomhaíochtaí pléasctha agus/nó tochailt carraige i 23 de na haighneachtaí agus agóidí a rinneadh.

4.2.2 Ob_111 *"Bheadh iarmhairtí tromchúiseacha ar áit chónaithe ár gcliaint má fhaightear cead chun tabhairt faoin tionscadal, agus creidimid go bhfuil an seans ann go dteastóidh druileáil agus pléascáin chun an bóthar cóngarach a thógáil agus d'fhéadfadh sé go gcruthófar scoilteanna ní hamháin i mbunsraitheanna réadmhaoin ár gcliaint, ach i mbunsraitheanna na réadmhaoine taobh léi chomh maith"*.

4.2.3 Ob_136 "*Is é an tríú chúis mhór imní atá agam ach tionchar chéim tógála an mhótarbhealaigh seo ar shláine struchtúrach an tí ina bhfuilim i mo chónaí. Tabharfar faoi phléascadh scartála rialaithe sa cheantar nó sa cheantar máguaird timpeall mo thí, agus má dhéanfar amhlaidh déanfar damáiste do mo réadmhaoin mar thoradh ar chreathadh an phléasctha má chaithfear carraig, amhail cloch eibhir etc. a bhaint. Cén mhaitheas a bhaineann leis an mbeart seo dom má chruthaítear scoilteanna i mo réadmhaoin mar thoradh ar bhearta chéim na tógála. Ní dhéanfar ach struchtúr mo réadmhaoine a laghdú."*

4.2.4 Ob_155 *"D'fhéadfadh an druileáil agus tógáil an bhóthair ar charraig eibhir áitiúil damáiste a dhéanamh ní hamháin do na tithe atá gar don láthair ach siúd atá níos faide ó bhaile chomh maith."*

4.2.5 Ob_159 "*Tá gasúr beag óg agam féin agus mo bhean chéile agus í ag iompar arís agus muid ag súil leis an dara páiste in 2019, is cúis mhór imní dom go mbeidh orainn bogadh amach as ár dteach fad is a bheidh an pléascadh ar siúl*".

4.2.6 Ob_201 "*Pléascadh/briseadh carraige: Tá eagla orthu roimh an bpléascadh agus an briseadh carraige a dhéanfar an-ghar don réadmhaoin. Tógadh a dteach ar eibhear rite a bheidh nasctha leis an eibhear a phléascfar nó a ghearrfar i limistéar laistigh de 100 méadar óna dteach (féach tarraingt 7.201). Thug Clíodhna Ní Mhurchú (Arup) le fios ag cruinniú a reáchtáladh ar an 5 Nollaig 2016 go ndéanfar fiosrúcháin ar an struchtúr roimh agus i ndiaidh na tógála ar gach teach lonnaithe gar don phléascadh. Glacfar grianghraif de na scoilteanna atá sa charraig cheana féin agus déanfar iad a thomhas, agus déanfar monatóireacht orthu le linn na tógála. Socrófar uasteorainn chreathaidh chomh maith agus déanfar monatóireacht orthu le linn na tógála'. Tabharfaidh an chomhairle faoin obair seo uile agus ní bheidh ar an gcliaint íoc as.*"

4.2.7 Ob_298 "*Ní léir go bhfuil bacainní torainn le cúl réadmhaoin ár gcliaint chun leibhéil teorainn ón bpléascadh a dhéanfar ar Bhóthar Ceangail N59 ó Dheas a mhaolú. Is údar mór imní é seo dár gcliant."*

4.2.8 Ob_512 *"Bheadh iarmhairtí tromchúiseacha ar áit chónaithe ár gcliaint má fhaightear cead chun tabhairt faoin tionscadal, agus creidimid go bhfuil an seans ann go dteastóidh druileáil agus pléascáin chun an bóthar cóngarach a bhaint agus d'fhéadfadh sé go gcruthófaí scoilteanna ní hamháin i mbunsraitheanna*

*réadmhaoin ár gcliaint, ach i mbunsraitheanna na réadmhaoine atá in aice léi chomh maith."*

4.2.9 Ob_584 "*Pléascadh/briseadh Carraige: Cén tionchar a bheadh ag an bpléascadh orainn? Cén chaoi a réiteoimid an damáiste a dhéanfar i rith pléasctha/briseadh carraige"* "Leathanach 782 *Tarlú Créfoirt Nuair a bheidh na créfoirt á dtógáil, rachaidh feithiclí móra crécharta a mbeidh ualach trom orthu tríd an láithreán, agus creathfar an talamh dá mbarr, agus tarlóidh balcadh de thaisme agus suaithfear an talamh nádúrtha de dhromchlaí bóthair nach bhfuil críochnaithe.*

4.2.10 Ob_584 *An Tionchar ar an Talamh Máguaird Tá sé de chumas ag tochailt ithreach agus charraige gluaiseacht agus socraíocht na talún máguaird a spreagadh. Mar thoradh ar bhriseadh nó ar phléascadh na buncharraige d'fhéadfadh an talamh creathadh agus d'fhéadfaí fánaí reatha, fánaí carraige reatha a chur as a riocht, agus d'fhéadfaí éifeachtaí a bhrath an-ghar do na hoibreacha.*

4.2.11 Ob_584 *I bhfianaise an méid atá thuas, tá an-imní orm go ndéanfar damáiste struchtúrach do mo réadmhaoin mar thoradh ar an tochailt charraige a bhaineann le tógáil an tolláin ag Cairéal Leacaigh. Rinne damáiste tromchúiseach do réadmhaoin sa cheantar mar thoradh ar phléascadh a rinneadh cheana i gCairéal Leacaigh".*

4.2.12 Ob_654 "*Tá an-imní orainn faoi na leibhéil torainn agus chreathaidh a bheidh le brath inár dteach i rith na tógála má théitear ar aghaidh leis"* i.e. an fhorbairt bhóthair. *Tá tionchar mór ag an gcreathadh a tharlaíonn mar thoradh ar phléascadh carraige in Roadstone orainn le blianta anuas, agus níl an suíomh sin chomh gar dúinn, agus mar sin is féidir linn a shamhlú cé chomh dona is a bheidh sé agus é lonnaithe díreach taobh thiar dár dteach."*

4.2.13 Ob_677 "*Léirítear san Fhíor"* Fíor 7.202 Suíomhanna Pléasctha Féideartha i rith Tógála "*go mbeartaítear pléascadh ag suíomh idir slabhraíocht 14+200 agus 14+600. Cuirimid i gcoinne an chinnidh deartha faoina ndéanfar pléascadh laistigh de 200m ónár réadmhaoin. Ní dhearnadh aon mheasúnú ar an tionchar a bheadh ag an bpléascadh seo ar shláine struchtúrach ár réadmhaoine."*

4.2.14 Ob_678 "*Léirítear san Fhíor"* Fíor 7.202 Suíomhanna Pléasctha Féideartha i rith Tógála is dócha "*go mbeartaítear pléascadh ag suíomh idir slabhraíocht 14+200 agus 14+600. Cuirimid i gcoinne an chinnidh deartha faoina ndéanfar pléascadh laistigh de 200m ó mo réadmhaoin. Ní dhearnadh aon mheasúnú ar an tionchar a bheadh ag an bpléascadh seo ar shláine struchtúrach ár réadmhaoine."*

4.2.15 Ob_691 *Cl.50* "*Tá imní ar Choiste Rásaíochta na Gaillimhe go dtugtar le fios sa Tuarascáil ar Bhailíocht Thógála go dteastóidh pléascadh carraige mar chuid de thógáil an tolláin. Níl aon fhianaise ann go ndearna an Forbróir measúnú ar an riosca agus an tionchar a bhaineann le pléascadh stáblaí sealadacha agus/nó buana ar struchtúir an tolláin féin agus ar struchtúir Ráschúrsa na Gaillimhe. Tá deimhniú á lorg ag Coiste Rásaíochta na Gaillimhe go ndearna an Forbróir measúnú ar an riosca agus an tionchar a bhaineann le pléascadh stáblaí sealadacha agus/nó buana ar struchtúir an tolláin féin agus ar struchtúir Ráschúrsa na Gaillimhe."*

4.2.16 Ob_691 *Cl.58 "Measann an Forbróir ag 9.8.7 go mbeidh pléascadh de dhíth chun tollán Ráschúrsa na Gaillimhe a thógáil. Measann an Forbróir go bhfuil an seans*

*ann nach mbeifí in ann dearadh pléasctha a dhéanamh agus d'fhéadfaí modhanna malartacha a úsáid. Féachann Coiste Rásaíochta na Gaillimhe le deimhniú go ndearna an Forbróir measúnú ar an tionchar a bheadh ag modhanna malartacha tógála sa chás nach bhfuiltear in ann dearadh pléasctha a úsáid, agus cén tionchar a bheadh aige sin ar na tiomantais a tugadh do Choiste Rásaíochta na Gaillimhe gan cur isteach ar oibríocht agus feidhmiú Choiste Rásaíochta na Gaillimhe, agus ar sholáthar stáblaí sealadacha agus buana."*

4.2.17 Ob_696.21 "*Ón gcur síos a thugtar ar an bhforbairt bhóthair sa TMTT, tá imní ar leith ar M&M Qualtech Ltd. maidir le céim thógála na forbartha seo a bhfuil oibríochtaí chun carraig a bhaint /a phléascadh i limistéar atá an-ghar do thailte, réadmhaoin agus gnó na cuideachta, mar chuid de na forbairtí sin."*

4.2.18 Ob_705 *"Tabharfar faoi thochailtí móra gar don réadmhaoin seo agus tá úinéirí na réadmhaoine an-bhuartha faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na hoibríochtaí sin ar a bhfoirgnimh/ struchtúir choinnithe."*

4.2.19 Ob_717 "*Ní léir go ndearna an Chomhairle measúnú ar an tionchar a bheidh ag torann agus ag creathadh a tharlóidh mar thoradh ar na gníomhaíochtaí tógála a dhéanfar gar d'oibríochtaí gnó de chuid Connolly Group. Ní dhearna an Chomhairle dóthain machnaimh ná measúnaithe ar an bhféidearthacht go ndéanfaidh gníomhaíochtaí tógála na Forbartha stop a chur le custaiméirí."*

4.2.20 S_046 "*Torann agus cur isteach mar thoradh ar an scartáil, an druileáil agus an chasúireacht a dhéanfar mar chuid de thógáil an mhótarbhealaigh." "Strus ón meascán creathaidh a chruthóidh an druileáil agus an scartáil."*

4.2.21 S_055 *"Beidh cónaí orainn in áit nach bhfuil ach thart ar 140 méadar ó imeall an Mhótarbhealaigh leis an gcuarbhóthar seo. Ón bpointe seo amach, tosóidh siar ar thollán a thógáil, agus is tromchúiseach an tionchar timpeallachta a bheidh ag na hoibreacha seo ar ár dteaghlach fad is a bheidh an tollán seo á thógáil acu. Beidh tionchar uafásach ag an méid ollmhór druileála, pléasctha agus briseadh carraige a theastaíonn orainn." "Is cúis imní eile dúinn an damáiste struchtúrach a dhéanfar dár dteach chomh maith, cuir i gcás scoilteanna móra etc."*

4.2.22 S_059 "*Tugtar le fios go bhfuil suíomh pléasctha féideartha lonnaithe ó thuaidh d'Ard na Gaoithe. Tá imní ar ár gcliaint faoin tionchar struchtúrach a d'fhéadfadh a bheith ar na tithe in Ard na Gaoithe agus iarrann siad go dtabharfar faoi shuirbhéanna ar struchtúr tithe a mbeadh tionchar ag na hoibreacha seo orthu roimh agus i ndiaidh na tógála.*

4.2.23 S_062 "*Dheimhnigh Arup go dtabharfar faoin bpléascadh. Cad a tharlódh má dhéantar damáiste do mo réadmhaoin mar thoradh ar an bpléascadh, táim ag iarraidh ar innealtóir tuairisc a chur le chéile ar mo réadmhaoin lena riocht reatha a dheimhniú chun aon damáiste a tharlódh mar chuid de na hoibreacha a thabhairt le fios, an gcuirfear an tseirbhís sin ar fáil nó an mbeadh orm innealtóir neamhspleách a fháil le tabhairt faoin obair sin".*

4.4.24 S_063 "*Damáiste don teach agus don réadmhaoin mar thoradh ar an bpléascadh." "Ba mhaith linn go dtiocfadh innealtóir amach chuig ár dtithe atá tógtha chuig ardchaighdeán sonraíochta, creidimid go bhfuil an seans ann go ndéanfar damáiste struchtúrach dár dtithe, agus teastaíonn uainn go ndéanfar an baol sin a*

*dhíothú, más féidir.” “Cad atá i bhfeidhm chun an pléascadh seo a fhógairt, agus chun an leibhéal torainn a choinneáil ag an leibhéal is ísle agus is féidir?”*

4.4.25 S_066 “*Damáiste don teach agus don réadmhaoin mar thoradh ar an bpléascadh.” “Ba mhaith linn go dtiocfadh innealtóir amach chuig ár dtithe atá tógtha chuig ardchaighdeán sonraíochta, creidimid go bhfuil an seans ann go ndéanfar damáiste struchtúrach dár dtithe, agus teastaíonn uainn go ndéanfar an baol sin a dhíothú, más féidir.” “Cad atá i bhfeidhm chun an pléascadh seo a fhógairt, agus chun an leibhéal torainn a choinneáil ag an leibhéal is ísle agus is féidir?”*

4.2.26 S_074 “*Tá imní ar áitritheoirí Pháirc Bhaile an Phoill faoi na hiarmhairtí a bhaineann leis an bpléascadh agus tollánú athnuaite atá beartaithe, agus na creatháin a bheidh ann mar thoradh ar na gníomhaíochtaí seo, mar tá an bonneagar atá le feiceáil san íomhá thuas i riocht chontúirteach, tá na háitritheoirí buartha faoina dteaghlaigh agus faoina gcairde, mar chonacthas codanna de na simléir atá ag titim as a chéile ag titim ina ngairdíní cheana.”*

4.2.27 S_074 “*Iarraimid ar an mBord Pleanála foinse an cheadúnais a theastaíonn chun pléascadh/tollánú a dhéanamh agus pléascáin a úsáid, a shoiléiriú agus a nochtadh? Mar beidh gá leis an méid sin a chur faoi bhráid na n-údarás Eorpach ábhartha, go mbeidís in ann cuimhneamh air, agus soiléiriú má sháraíonn sé rialacháin treorach reatha de chuid an AE maidir leis an suíomh LCS seo.”*

4.2.28 S_074 “*Tá iarsmaí áitreabh gan aithint atá déanta as cloch {b’fhéidir gur séipéal beag atá ann} le fáil ar an Limistéar faoi Chosaint [LCS], agus táthar buartha go dtitfidh an t-áitreabh seo agus neart carn agus na ballaí cloch, lena n-áirítear balla teorann na Cathrach atá in aice láimhe, mar thoradh ar an tollánú agus an pléascadh.*

4.2.29 S_074 “*Tá an-imní ar na háitritheoirí go ndéanfar tollánú trí limistéar atá faoi chosaint LCS mar chuid den fhorbairt, le hadmháil i dtuarascáil hidreolaíochta TMTT go bhfuil an seans ann go mbeadh turnamh agus titim mar thoradh ar an tollánú agus an pléascadh sin sa limistéar siolta, agus go mbeadh tionchar acu sin ar na huiscígh, ar an soláthar uisce agus ar na gnéithe thuasluaite?”*

4.2.30 Ob_584.2 *“Tá mé an buartha go ndéanfar damáiste do mo theach cónaithe mar táim i mo chónaí an-ghar do Chairéal Leacaigh. Cé a bheadh freagrach as an damáiste dá ndéanfaí damáiste do mo réadmhaoin mar thoradh ar na lánáin phléasctha”.*

## Freagra

4.2.31 Rachaidh Jennifer Harmon i ngleic leis na tionchair fhéideartha a bhaineann le torann agus creathadh ón bpléascadh ina ráiteas fianaise ar thorann agus ar chreathadh. Déanfaidh mise na tionchair gheolaíochta a phlé.

4.2.32 Ní thabharfar faoin bpléascadh ach amháin i suíomhanna a meastar a bheidh oiriúnach don phléascadh. Cuirfear crios eisiaimh phléasctha, is é sin cosc ar an bpléascadh, i bhfeidhm in áiteanna nach bhfuil oiriúnach don phléascadh. Baintear úsáid as faisnéis atá sonrach don láithreán sa dearadh pléasctha chun fairsinge (raon) an chreasa eisiamh ón ngabhdóir (lena n-áirítear áitribh) a shainmhíniú.

4.2.33 I gcásanna gur cinneadh nach féidir pléascadh a dhéanamh i suíomh ar leith, déanfar modhanna astarraingthe eile cosúil le briseadh hiodrálach, scoilteadh hiodrálach, scoilteadh ceimiceach agus díscaoileadh leictreach a chur i bhfeidhm. (Cuid 9.6.2.1 de Chaibidil 9 den TMTT).

4.2.34 Buntáiste amháin a bhaineann leis an bpléascadh ná go mbíonn an tréimhse ina mbeidh tionchair ón bpléascadh le brath i bhfad níos giorra ná an tréimhse a bhaineann le modhanna astarraingthe eile. Déanfar an charraig bhriste a thochailt agus a iompar ón limistéar i ndiaidh pléasctha. Ní mór a thabhairt faoi deara go ndéantar minicíocht an phléasctha don fhorbairt bhóthair atá beartaithe a shainmhíniú i gCuid 17.2.2.1 de Chaibidil 17 den TMTT, ní dhéanfar níos mó ná pléasc amháin in aghaidh an lae in aon suíomh amháin.

4.2.35 Ar mhaithe le míniú a thabhairt ar an ábhar seo, ar dtús, cuirfidh mé athbhreithniú i láthair ar na tionchair fhéideartha a bhaineann leis an bpléascadh, mar aon leis na bearta maolaithe cuí, mar a aithnítear i gCaibidil 9 den TMTT. Ansin, pléifidh mé gaireacht réadmhaoine na ndaoine a chuir aighneachtaí isteach/a rinne agóidí do na suíomhanna ina bhféadfar tabhairt faoin bpléascadh. Ar deireadh, déanfaidh mé na torthaí a fuaireamar ón measúnú ar oiriúnacht le haghaidh pléasctha a scagadh, agus cuirfidh mé achoimre ar na próisis agus na hoibreacha/gníomhaíochtaí a chuirfear i gcrích roimh na hoibreacha pléasctha, lena linn agus ina ndiaidh i láthair.

4.2.36 Is éard is pléascadh ann modh amháin chun carraig a thochailt le linn tógála. Déantar cur síos ar an ngníomhaíocht tógála seo i gCuid 9.4.2.2 de Chaibidil 9 den TMTT. I measc na dtionchar féideartha a bhaineann le pléascadh nuair atáthar ag tochailt carraige, de réir mar a shonraítear iad i gCuid 9.5.3.4 den TMTT, tá na tionchair ar an talamh máguaird, lena n-áirítear creathadh talún agus d'fhéadfaí fánaí reatha, fánaí carraige reatha a chur as a riocht, agus d'fhéadfaí éifeachtaí a bhrath an-ghar do na hoibreacha.

4.2.37 Cuirfear na bearta maolaithe seo a leanas i bhfeidhm chun na tionchair a tharlaíonn mar thoradh ar an bpléascadh i rith tochailt charraige a mhaolú (sonraítear iad i gCuid 9.6.2.1 de Chaibidil 9 den TMTT) :

- Cuirfear socraíocht talún, gluaiseacht chothrománach agus monatóireacht creatha i bhfeidhm i rith gníomhaíochtaí tógála, a chinnteoidh nach sáraíonn gníomhaíochtaí tógála na teorainneacha dearaidh. Cinnteofar sna teorainneacha dearaidh nach ndéanfar aon damáiste cosmaideach don réadmhaoin in aice láimhe.

- Cuirfear monatóireacht i bhfeidhm áit a meastar gur féidir pléascadh a dhéanamh. Ceapfar saineolaí geoiteicniúil agus beidh sé i láthair chun monatóireacht a dhéanamh ar chreathadh talún máguaird in aice le gabhdóirí leochaileacha (lena n-áirítear réadmhaoin) i rith oibreacha pléasctha le cinntiú nach sáraíonn na gníomhaíochtaí tógála na teorainneacha pléasctha dearaidh. I gcás go dtarlódh sé agus gach seans nach dtarlóidh go sárófaí teorainn chreathaidh an phléasctha, scoirfear d'oibreacha pléasctha ar an láithreán go dtí go dtuigtear cén bunús atá leis an gcreathadh méadaithe. Déanfar dearadh an phléasctha a athchalabrú arís ansin agus leanfar d'oibreacha pléasctha le monatóireacht leanúnach. Ba cheart a thabhairt faoi deara chomh maith go leagtar na huasteorainneacha torainn agus creathaidh

le haghaidh tochailte carraige, lena n-áitrítear an pléascadh, amach i gCuid 17.2.2.1 de Chaibidil 17, den TMTT maidir le Torann agus Creathadh

4.2.38 Rinneadh gach imní maidir le pléascadh a tarraingíodh anuas sna haighneachtaí agus sna hagóidí a liostáiltear thuas a mheas agus cuirtear na torthaí i láthair i dTábla 1 thíos. Cuirtear gaireacht theorainn (líne na teorann) na forbartha atá beartaithe don struchtúr is gaire ar réadmhaoin an duine a rinne an aighneacht/agóid, agus a ngaireacht d'imeall an ghearrtha is gaire in iúl sa tábla seo.

**Tábla 1: Agóid / Aighneacht maidir le gaireacht do limistéir phléasctha**

| Agóidí / Aighneachtaí | Cineál Struchtúir | Slabhraíocht | Garfhad ón | | bPléascadh (TMTT Fíor. 7.201 agus 7.202) | Suíomh an Phléasctha | Cineál Buncharraige |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Líne na teorann | Gearradh | | | |
| | | *m* | *m* | *m* | | | |
| Ob_111 | Teach cónaithe | 0+300 go 0+400 | 52 | 75 | Féideartha | Príomhlíne | Eibhear |
| Ob_136 | Teach cónaithe | 1+200 | 12 | 79 | Féideartha | Draenáil | Eibhear |
| Ob_155 | Teach cónaithe | 1+600 | 10 | 38 | Féideartha | Príomhlíne | Eibhear |
| Ob_159 | Teach cónaithe | 1+500 | 5 | 128 | Féideartha | Príomhlíne | Eibhear |
| Ob_201 | Teach cónaithe | 3+300 | 65 | 73 | Tá | Príomhlíne | Eibhear |
| Ob_298 | Teach cónaithe | 7+350 | 82 | 115 | Tá | Príomhlíne / An Bóthar Ceangail | Eibhear |
| Ob_512 | Teach cónaithe | 8+150 | 9 | 28 | Tá | Príomhlíne | Eibhear |
| Ob_584 | Teach cónaithe | 10+800 | 0 | 375 | Féideartha | Príomhlíne | Aolchloch |
| Ob_654 | Teach cónaithe | 13+540 | 14 | 19 | Tá | Príomhlíne | Aolchloch |
| Ob_677 | Teach cónaithe | 14+000 | 18 | 154 | Tá | Príomhlíne / An Bóthar Ceangail | Aolchloch |
| Ob_678 | Teach cónaithe | 14+000 | 18 | 164 | Tá | Príomhlíne / An Bóthar Ceangail | Aolchloch |
| Ob_691 | Gnó | 13+950 | 0 | - | Tá | Príomhlíne / An Bóthar Ceangail | Aolchloch |
| Ob_696 | M&M Qualtech | 14+500 | 26 | 26 | Tá | Príomhlíne | Aolchloch |
| Ob_705 | Teach cónaithe | 13+300 go 13+450 | 0 | 5 | Tá | Príomhlíne | Aolchloch |
| Ob_717 | Gnó | 15+150 15+750 | 120 | 137 | Féideartha | Príomhlíne | Aolchloch |
| S_046 | Teach cónaithe | 15+500 | 65 | 170 | Féideartha | Príomhlíne | Aolchloch |
| S_055 | Teach cónaithe | 15+100 | 10 | 137 | Féideartha | Príomhlíne | Aolchloch |
| S_059 | Roinnt Tithe Cónaithe | 6+000 | 6 | 30 | Féideartha | Linn Mhaolaithe | Eibhear |
| S_062 | Teach cónaithe | 15+600 | 65 | 210 | Féideartha | Príomhlíne | Aolchloch |
| S_063 | Teach cónaithe | 15+600 | 100 | 167 | Féideartha | Príomhlíne | Aolchloch |
| S_066 | Teach cónaithe | 15+600 | 138 | 147 | Féideartha | Príomhlíne | Aolchloch |

| Agóidí / Aighneachtaí | Cineál Struchtúir | Slabhraíocht | Garfhad ón | | bPléascadh (TMTT Fíor. 7.201 agus 7.202) | Suíomh an Phléasctha | Cineál Buncharraige |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Líne na teorann | Gearradh | | | |
| | | *m* | *m* | *m* | | | |
| S_074 | Roinnt Tithe Cónaithe | 9+350 go 12+100 | Athraíonn sé[1] | | Tá | Príomhlíne | Aolchloch |

4.2.39 Léirítear na suíomhanna pléasctha féideartha le linn na tógála i bhFíor 7.201 agus 7.202 den TMTT, agus iad bunaithe ar dhoimhneacht beartaithe an ghearrtha agus na dálaí talún comhréire a fuarthas mar chuid den fhiosrúchán talún. Cuirtear sonraí imscrúdaithe talún i láthair in Aguisín A.9.1 den TMTT agus aithnítear suíomhanna na suirbhéanna éagsúla i bhFíoracha 9.8.001 – 9.8.012 den TMTT.

4.2.40 Anuas air sin, rinneamar measúnú mar chuid dár n-anailís le hoiriúnacht an phléasctha in áiteanna atá taobh le gabhdóirí leochaileacha (lena n-áirítear struchtúir agus áitribh) ar an bhforbairt bhóthair atá beartaithe a shocrú. Tugadh faoin measúnú seo ag déanamh anailís ar an gcreathadh talún beartaithe a chruthófar mar thoradh ar an bpléascadh agus na criosanna eisiaimh a theastaíonn dá bharr bunaithe ar ghníomhaíochtaí pléasctha i mbuncharraig Eibhir agus Aolchloiche araon, toisc gurb iad sin na cineálacha buncharraige atá le fáil feadh na forbartha bóthair atá beartaithe. Tá mionsonraí den mheasúnú seo le fáil in Aguisín A10.1 den Tuarascáil Dearaidh in Imleabhar 4 den Fhreagra IFB.

4.2.41 Cinneadh inár n-anailís gur féidir pléascadh a úsáid in limistéir Eibhir áit a bhfuil an gabhdóir (struchtúr) níos mó ná 12.5m ó phléasc agus i limistéir Aolchloiche áit a bhfuil an gabhdóir níos mó ná 15m ó imeall na pléisce beartaithe. Cuirfear crios eisiaimh phléasctha i bhfeidhm in áiteanna ina bhfuil an gabhdóir (e.g. struchtúr) suite in áit atá níos gaire ná na torthaí oiriúnachta.

4.2.42 Tabharfar faoi mheasúnú pléisce roimh an bpléascadh le deimhniú go bhfuil pléascadh oiriúnach. Is measúnú deisce é seo (níl aon phléascadh ann) agus is éard atá i gceist limistéar an phléasctha beartaithe a leagan amach, na gabhdóirí áitiúla (e.g. struchtúir, áitribh) a shainaithint, agus cur síos a dhéanamh ar shaintréithe na buncharraige, agus sraith tochailte na carraige a shainmhíniú. Ar cheann de na torthaí a bhaineann leis an measúnú oiriúnachta déanfar na luachanna torainn agus creathaidh ag na gabhdóirí áitiúla a chinneadh. Má sháraíonn an t-aschur na huasteorainneacha torainn agus creathaidh a leagtar amach i gCuid 17.2.2.1 de Chaibidil 17 den TMTT, cinnteofar nach mbeidh an pléascadh oiriúnach agus bainfear úsáid as modh tochailte carraige eile.

4.2.43 Déanfar an measúnú ar an dearadh pléisce a bheachtú áit a gcinntítear go bhfuil an pléascadh oiriúnach. Déanfar monatóireacht ar phléascadh coimeádach trialach san fhoirmiú bunsraithe céanna le suíomhanna an phléasctha atá beartaithe ag suíomh pléasctha beartaithe. Déanfaidh na pléascthaí trialacha sin calabrú ar dhearadh an

[1] Níor aithníodh suíomhanna sonracha na réadmhaoine san aighneacht/agóid seo san aighneacht/agóid

phléasctha do dhearaí atá sonrach don láithreán agus déanfar bailíochtú ar na hairíonna deartha den phléascadh. Ní sháróidh na pléascthaí trialacha teorainneacha na ngabhdóirí leochaileacha áitiúla agus dá bhrí sin ní bheidh tionchar acu ar struchtúir ná ar an gcosán Aolchloiche.

4.2.44 Leagtar na teorainneacha creathaidh le haghaidh struchtúr amach i gCuid 17.2.2.1 de Chaibidil 17 den TMTT. Is éard atá sna teorannacha sin na tomhais chreathaidh is mó a ligfear, agus tomhais ingearacha agus chothrománacha san áireamh, le cinntiú nach ndéanfar aon damáiste cosmaideach do struchtúir (teastaíonn luachanna creathaidh níos airde chun damáiste struchtúrach a dhéanamh).

4.2.45 Mar réamhchúram sa bhreis, tabharfar faoi shuirbhéanna ar riocht na réadmhaoine sula gcuirfear tús leis na hoibreacha tógála a mbaineann creathadh agus gluaiseacht leo (lena n-áirítear an pléascadh), de réir ár dtiomantas comhshaoil, C17.19 de Sceideal na dTiomantas Comhshaoil i gCaibidil 21 den TMTT.

4.2.46 Suiteálfar monatóireacht ar ghluaiseacht agus creathadh le linn na n-oibreacha pléasctha freisin, agus déanfaidh saineolaithe monatóireacht uirthi. Úsáidfear na córais mhonatóireachta seo le cinntiú nach sáraíonn na hoibreacha tógála na huasteorainneacha creathaidh mar a phléitear thuas. I gcás go dtarlódh sé agus gach seans nach dtarlóidh go sárófar teorainn chreathaidh an phléasctha ag an suíomh monatóireachta (ag an bpléasc nó níos gaire don phléasc ná an gabhdóir go hiondúil), scoirfear d'oibreacha pléasctha ag an suíomh sin go dtí go dtuigtear cén bunús atá leis an gcreathadh méadaithe. Déanfar dearadh an phléasctha a athchalabrú arís ansin agus leanfar d'oibreacha pléasctha le monatóireacht leanúnach (Cuid 9.6.2.1 de Chaibidil 9 den TMTT).

4.2.47 Ceapfar príomh-theagmhálaí i rith chéim na tógála chun cumarsáid a éascú idir na húinéirí réadmhaoine a mbeidh tionchar orthu chun iad a chur ar an eolas faoi na hoibreacha beartaithe ina gceantar, lena n-áirítear pléascadh.

4.2.48 Tabharfar faoi shuirbhé ar riocht na réadmhaoine nuair a chríochnófar na hoibreacha pléasctha, agus déanfar measúnú comparáideach idir riocht na réadmhaoine roimh agus i ndiaidh an phléasctha. I gcás go dtarlódh sé agus seans nach dtarlóidh go dtugtar damáiste mar thoradh ar an gcreathadh faoi deara, déanfar an damáiste sin a ullmhú faoi mar a leagtar amach sa TMTT.

4.2.49 Mar achoimre, ní thabharfar faoin bpléascadh ach i limistéir ar sainaithníodh iad mar limistéir atá oiriúnach don phléascadh i ndiaidh measúnuithe pléasctha mionsonraithe agus suirbhé ar riocht na réadmhaoine sainaitheanta roimh an bpléascadh. Déanfar monatóireacht ar na pléascanna agus ní sháróidh na hoibreacha na teorainneacha creathaidh deartha ag na gabhdóirí sainaitheanta (lena n-áirítear struchtúir, áitribh agus cosán Aolchloiche). Cinnteoidh na bearta seo nach ndéanfar aon damáiste cosmaideach ná struchtúrach.

# 4.3 Cosán Aolchloiche (An tionchar féideartha ón tollánú a dhéanfar mar chuid den tógáil)

## Ceisteanna

4.3.1 Fiosraítear in dhá aighneacht/agóid, Ob_510 agus Ob_584.2, cibé an ndéanfaí damáiste don chosán Aolchloiche mar thoradh ar an tollánú faoin gcosán Aolchloiche i Mionlach.

4.3.2 Ob_510 "*Diúltaíodh don bhunphlean do Sheachbhóthar Chathair na Gaillimhe mar gheall ar roinnt fadhbanna a raibh damáiste féideartha do limistéar in raibh cosán aolchloiche ina measc. Tá iontas orainn a fháil amach go bhfuil cosáin aolchloiche den chineál céanna le fáil ar an mbealach atá beartaithe faoi láthair, agus go dtabharfar faoin tollánú sna limistéir seo mar chuid den phlean sin. Creidimid go bhfuil baol fós ann don chosán aolchloiche.*"

4.3.3 Ob_584.2 "*Ní féidir pléascadh agus tollánú tríd an gcarraig gan cur isteach ar an talamh dromchla lasnairde*".

## Freagra

4.3.4 Déanfaidh Aebhin Cawley agus an Dr Leslie Brown na tionchair fhéideartha don éiceolaíocht agus don hidrigeolaíocht a phlé ina Ráiteas Fianaise. Déanfaidh mise na tionchair gheolaíochta a phlé.

4.3.5 Bunaithe ar an measúnú a rinneamar, is fánach an baol a bheadh ann don chosán Aolchloiche i Mionlach mar thoradh ar an tollánú a dhéanfar faoi. Áirítear measúnú oiriúnachta tolláin, cur chuige deartha atá coimeádach, modheolaíocht sainaitheanta tógála agus bearta maolaithe inár measúnú láidir.

4.3.6 D'fhonn tionchair dhíreacha ar an gcosán Aolchloiche a sheachaint, tugadh faoi mheasúnú oiriúnachta tolláin, a raibh imscrúdú talún (GI) sonrach don láithreán in 2015 agus 2016 mar chuid de, chun tuiscint iomlán a fháil ar an gcosán Aolchloiche agus ar riocht na talún in aice leis agus faoin gcosán. Bhí an méid seo a leanas mar chuid den mheasúnú seo:

- Staidéar deisce agus réamhshuirbhéanna láithreáin ildisciplíneacha
- Poll tóraíochta cothrománach amháin thar ailíniú beartaithe an tolláin
- Ceithre pholl tóraíochta ingearacha siar ón gcosán aolchloiche thar an ailíniú gearrtha oscailte beartaithe
- Suirbhé Geofisiceach (dromchla agus sa pholl)

4.3.7 D'éascaigh sé seo measúnú feasach de na tionchair fhéideartha don chosán aolchloiche agus ligeadh dúinn bearta deartha a chur leis an bplean chun drochthionchar ar an gcosán Aolchloiche a sheachaint.

4.3.8 Glacadh le cur chuige deartha atá coimeádach don tollán dúbailte druileáilte seo agus áiríodh bearta amhail socrú thrastomhas an tolláin, sainmhíniú sheicheamh na

tógála, socrú íosdoimhneacht na buncharraige idir mullach an tolláin agus an leithead scartha idir na tolláin sa dearadh.

4.3.9 Déantar achoimre ar na bearta deartha seo thíos agus tá siad le fáil i gCuid 9.4.1.1 de Chaibidil 9 den TMTT agus in Aguisín A.7.3 de TMTT:

- Tá an dá pholl tolláin le haghaidh carrbhealaí a bheidh ag gabháil soir agus siar thart ar 270m ar fad. I ngach tolladh tá thart ar 15m ar leithead réise de thollán le colún deighilte idir an dá tholladh chun cobhsaíocht an dá tholladh a choimeád. Íoslaghdóidh sé seo cur isteach ar an gcarraigmhais agus dá bhrí sin, déanfar an baol a bheadh ann do shláine struchtúrach an chosáin Aolchloiche fhorshrathnaithe a íoslaghdú. Bunaithe ar ár n-anailís (ag úsáid saintréithe a bhaineann go sonrach leis an láithreán), tá colún deighilte níos mó ná 7m ar leithead agus is é sin an t-íosmhéid a theastaíonn.

- Cumhdach buncharraige thart ar 10m go 14.5m os cionn mhullach Thollán Leacaigh faoi dhromchla an chosáin Aolchloiche. Tá sé seo níos mó ná an t-íosmhéid riachtanach de 8m (bunaithe ar shaintréithe a bhaineann go sonrach leis an láithreán) agus ligfidh sé seo d'áirse dhaingean a fhorbairt timpeall an tolláin, rud a chuirfidh cosc ar shocraíocht nó cur isteach ar shláine struchtúrach an chosáin Aolchloiche ag an dromchla

- Beidh líneáil stuach coincréite uisce-obach agus córas draenála séalaithe mar chuid den tollán chun aon idirghníomhú leis an gcóras hidrigeolaíochta mórthimpeall a sheachaint

4.3.10 Leagtar amach an mhodheolaíocht do thógáil an tolláin in Aguisín A.7.3 den TMTT, a bhfuil monatóireacht riachtanach mar chuid de d'fhonn tionchair fhéideartha a bhaineann leis an tógáil a mhaolú. Ceapfar saineolaí geoiteicniúil agus beidh sé i láthair chun monatóireacht a dhéanamh ar an gcreathadh ag an dromchla, lena n-áirítear na limistéir ina bhfuil cosán Aolchloiche, i rith oibreacha pléasctha chun Tollán Leacaigh agus an Bealach Isteach Thiar a thógáil. Socraítear sprioc-theorainn creathaidh an phléasctha ag dromchla talún an chosáin Aolchloiche ag 20mm/soic, agus é 20% níos lú ná an cur chuige dearaidh de theorainn creathaidh, a bhí coimeádach cheana féin ag 25mm/soic. Tugann sin cúinse sábháilteachta breise do na hoibreacha tógála lena chinntiú nach mbeidh tionchar ag an bpléascadh ar shláine struchtúrach an chosáin Aolchloiche. I gcás go dtarlódh sé agus gach seans nach dtarlóidh go sárófar an sprioc-theorainn creathaidh ag an dromchla, scoirfear d'oibreacha pléasctha ar an láithreán go dtí go dtuigtear cén bunús atá leis an gcreathadh méadaithe. Déanfar dearadh an phléasctha a athchalabrú arís ansin agus leanfar d'oibreacha pléasctha le monatóireacht leanúnach.

4.3.11 Anuas air sin, déanfaidh an saineolaí geoiteicniúil monatóireacht ar chobhsaíocht carraigmhaise an éadain charraige faoi thaca sa tollán i gCairéal Leacaigh. I gcás go dtarlódh sé agus gach seans nach dtarlóidh go dtugtar éagobhsaíocht faoi deara laistigh den charraigmhais, cuirfear isteach bearta tacaíochta breise lena chinntiú nach mbeidh tionchar aige ar an dromchla thuas. Cuimsítear sna bearta tacaíochta breise ancairí talún, boltaí carraige, duail charraige, mogall carraige, rois-choincréit

nó meascán de na bearta sin, atá deartha chuig na caighdeáin deartha iomchuí agus na treoir-dhoiciméid dea-chleachtais. Mar sin féin, bunaithe ar an gcur chuige coimeádach deartha, meastar go seachnófar an baol éagobhsaíochta agus nach dteastóidh bearta tacaíochta breise.

4.3.12 I rith na céime oibríochta, leanfar den mhonatóireacht ar chobhsaíocht na carraigmhaise. Leanfar de mhonatóireacht ar na córais choinneála carraige agus ró-ualaithe i gCairéal Leacaigh agus an Bealach Isteach Thiar mar chuid de sceideal cothabhála BIÉ (Bonneagar Iompair Éireann). I gcás go dtarlódh sé agus gach seans nach dtarlóidh go dtugtar éagobhsaíocht faoi deara laistigh den charraigmhais, cuirfear na bearta tacaíochta breise a bhfuil cuntas orthu i Rannáin 9.4.1.1 agus 9.6.2.4 i gCaibidil 9 den TMT thuas isteach, le haghaidh chéim na tógála lena chinntiú nach mbeidh aon tionchar ar shláine struchtúrach an chosáin Aolchloiche.

4.3.13 Bunaithe ar an gcur chuige dearaidh coimeádach, ar mhodheolaíocht shainithe tógála agus ar na bearta maolaithe tógála agus oibríochta, meastar go bhfuil méid an riosca nó an bhagartha atá ann don chosán Aolchloiche mar thoradh ar thollánú faoina bhun ag Cairéal Leacaigh fánach.

## 4.4 Na tionchair fhoriomlána ar ithreacha

### Ceisteanna

4.4.1 In aighneacht/agóid amháin, Ob_751, tarraingíodh anuas imní maidir le tionchair fhéideartha ar ithir agus go ndéanfaí damáiste doleigheasta don timpeallacht áitiúil.

4.4.2 "*Beidh drochthionchair chomh mór sin ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an timpeallacht agus ar dhaoine, beostoc, flóra agus fána, an ithir, an t-uisce, an aeráid agus an tírdhreach go ndéanfar dochar doleigheasta don timpeallacht áitiúil.*"

### Freagra

4.4.3 Pléitear na tionchair fhéideartha ar ithreacha le linn na tógála agus na hoibríochta i gCuid 9.5 de Chaibidil 9 den TMTT.

4.4.4 Le linn na tógála, caillfear ithreacha talmhaíochta mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe mar a dtrasnaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe talamh arúil nó talamh talmhaíochta. Caillfear geolaíocht sholadach agus acmhainní féideartha nuair is gá buncharraig a thochailt. Déantar cur síos ar na tionchair seo i gCuid 9.5.3 de Chaibidil 9 den TMTT.

4.4.5 Mar a léirítear i gCaibidil 9 den TMTT agus mar a achoimrítear i dTábla 9.19 sa chaibidil sin, tá iarmhairtí diúltacha, a thiteann isteach sna catagóirí measartha / beag agus measartha, ar an timpeallacht ithreach agus geolaíochta i rith chéim na tógála mar thoradh ar chaillteanas ithreacha talmhaíochta, geolaíochta soladaí agus acmhainní féideartha.

4.4.6 D'fhonn an tionchar féideartha ar ithreacha a mhaolú le linn na tógála, úsáidfear an t-ábhar tochailte go léir mar líonadh tógála nó cuirfear i limistéir shil-leagain é, agus mar sin, úsáidfear an t-ábhar chun an fhorbairt bóthair atá beartaithe a thógáil. Meastar gur laghdú ar an tionchar ar chúltaiscí cairéil sa todhchaí é acmhainn tathagaithe de charraig bhrúite a athúsáid.

## 4.5 Éilliú féideartha ar thailte/ithreacha

### Ceisteanna

4.5.1 Tarraingíodh anuas in aighneacht/agóid amháin, Ob_584.1, saincheisteanna maidir le héilliú féideartha ar thailte.

4.5.2 *"d'fhéadfadh sé go ndéanfaí tailte//ithir in aice láimhe a éilliú má dhéantar ábhair ghuaiseacha a stóráil in áit ina bhfuil baol tuillte".*

### Freagra

4.5.3 Pléitear an tionchar féideartha a d'fhéadfadh a bheith ag gníomhaíochtaí tógála ar ithreacha agus ar an ngeolaíocht i gCuid 9.5.3.6 de Chaibidil 9 de TMTT. Ba cheart a thabhairt faoi deara nár aithníodh aon limistéar de thalamh éillithe laistigh den

limistéar staidéir. Dá bhrí sin, is leis na gníomhaíochtaí seo a leanas a d’fhéadfaí an fho-ithir a éilliú:

- Suíomhanna éillithe neamhaithnid a nochtadh, lena n-áirítear ábhar guaiseach a d’fhéadfadh a bheith curtha i dtalamh, i láithreán dumpála gan cheadúnas mar shampla
- Úscaíl uisce a úsáidtear sa níochán tar éis gníomhaíochtaí coincréite a d’fhéadfadh an fho-ithir a éilliú
- Ábhair a bhaineann leis an tógáil a sceitheadh nó a dhoirteadh.

4.5.4 Mar a shonraítear i gCaibidil 9 de TMTT, níor aithníodh aon limistéar a éillíodh le ábhar guaiseach le linn na n-imscrúduithe ar an talamh ná san athbhreithniú a rinneadh ar shonraí stairiúla. Má chuirtear chun feidhme na bearta maolaithe a mholtar i gCuid 9.6.2.6 de Chaibidil 9 de TMTT go ndéanfar dea-bhainistiú (glanadh laethúil an láithreáin, boscaí bruscair diúscartha a úsáid, etc) ar an láithreán, agus go mbaintear úsáid cheart as substaintí a d’fhéadfadh éilliú a dhéanamh agus a gcoimeádáin agus go ndéanfar iad a stóráil agus a dhiúscairt i gceart, ní éilleofar ithir.

4.5.5 Tá nósanna imeachta leagtha amach i Rannán 9.6.2.6 maidir le limistéar a bhfuiltear in amhras go bhfuil éilliú ann a láimhseáil. Tástálfar samplaí den talamh a d’fhéadfadh a bheith éillithe i rith an imscrúdaithe mhionsonraithe agus sa chás go bhfaightear limistéir éillithe, déanfar diúscairt ar an ábhar chuig láithreán ag a bhfuil ceadúnas nó cead iomchuí de réir reachtaíocht reatha na hÉireann i ndáil le Dramhaíl a bhainistiú.

4.5.6 Maidir le gach gníomhaíocht ina mbaintear úsáid as truailleáin fhéideartha nó ábhair ghuaiseacha, láimhseálfar ábhar mar coincréit, breoslaí, bealaí agus sreabháin hiodrálacha go cúramach agus stórálfar iad chun doirteadh a sheachaint. Coinneofar truailleáin fhéideartha sábháilte freisin i gcoinne loitiméireachta agus cuirfear srian ceart orthu de réir na gcód cleachtais. Déanfar foráil d’uisce ón níochán coincréite a aistriú ón suíomh.

4.5.7 Cuirfear srian láithreach ar aon doirteadh agus tógfar ithir éillithe ón suíomh agus déanfar í a dhiúscairt chuig suíomh ag a bhfuil ceadúnas nó cead iomchuí de réir na reachtaíochta reatha atá ag an gconraitheoir maidir le Bainistíocht Dramhaíola in Éirinn.

4.5.8 Stórálfar ábhar a d'fhéadfadh a bheith guaiseach agus a bhaineann leis an tógáil nó ábhar guaiseach a aimsítear ar an suíomh faoi réir na mbeart a leagtar amach i gCuid 9.6 de Chaibidil 9 de TMTT agus a leagtar amach sa Phlean Bainistíochta Comhshaoil don Tógáil in Aguisín A.7.5 de TMTT.

4.5.9 Tugtar aghaidh ar baol tuilte i ráiteas fianaise Tony Cawley.

## 4.6 Tuairimí agus iarratais ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann

### Ceisteanna

4.6.1 Rinne Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann dhá aighneacht/agóid mar seo a leanas.

4.6.2 S_030.1 "***Moltaí***: *Dá leanfaí leis an bhforbairt, ba cheart na cúinsí eile ar fad a mheas, agus ba mhór ag Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann cóip a fháil de na tuarascálacha ina sonraítear imscrúduithe talún a rinneadh. Dá ndéanfaí aon ghearrthacha suntasacha buncharraige, iarraimid go ndearfaí iad le go mbeidís le feiceáil agus nach gcuirfí ithir agus plandaí orthu, de réir treoirlínte sábháilteachta agus srianta innealtóireachta. I limistéir nach bhfuil mórán nochtadh, nó atá síonchaite, chuirfeadh an beart seo leis an eolas geolaíoch ar an bhfo-dhromchla agus d'fhéadfaí iad a chur isteach mar áiteanna ina bhfuil geo-oidhreacht le fáil, más iomchuí. Seachas sin, iarraimid go soláthrófaí taifead digiteach fótagrafach de thochailtí nua suntasacha. D'fhéadfaí cuairteanna ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann a eagrú leis le go bhféadfadh sí taifead a dhéanamh go pearsanta ar an nochtadh"*

4.6.3 (S_030.2) *"Molann Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann an úsáid a baineadh as ár dtacair éagsúla sonraí sa Tuarascáil ar Roghnú Bealaigh ach gur cheart tagairt a dhéanamh do Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann agus go luafaí Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann mar údar na léarscáileanna agus na sonraí".*

### Freagra

4.6.4 Maidir le S_030.1, mar a gceadaíonn bearta maolaithe comhshaoil an dearaidh, riachtanais sábháilteachta agus srianta innealtóireachta, déanfar gearrthacha suntasacha buncharraige a dhearadh le go mbeidh siad infheicthe. Sa chás nach féidir é seo a dhéanamh, ansin déanfar taifid dhigiteacha fhótagrafacha de thochailtí nua suntasacha agus/nó éascófar cuairteanna ó Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann. Cabhróidh sé seo lenár n-eolas geolaíoch ar an limistéar a shaibhriú. Tugadh tuarascálacha iniúchta láithreáin don fhorbairt bhóthair atá beartaithe, mar atá in Aguisín A.9.1 den TMTT, do Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann.

4.6.5 Maidir le S_030.2, ba chúis sásaimh dúinn an moladh a thug Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann don úsáid a bhaintear as tacair sonraí. Ba chóir a dheimhniú go n-aithnítear an úsáid a bhaintear as mapáil agus sonraí Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann chun measúnú a dhéanamh ar na srianta agus na roghanna i gCuid 7.6.2, Ithreacha agus Geolaíocht, sa Tuarascáil ar Bhealach a Roghnú. Déantar tagairt do Shuirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann faoi na fo-cheannteidil seo a leanas maidir le gach rogha bealaigh: Buncharraig, Fo-ithreacha, Forbhreathnú ithreacha ar dhálaí talún i gceantair aolchloiche carstaí agus Oidhreacht Gheolaíochta.

4.6.6 Ina theannta sin, aithnítear Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann sa rannán tagairtí i gCuid 7.6.3 Hidrigeolaíocht sa tuarascáil.

4.6.7 Bhí an úsáid a baineadh as tacair sonraí geolaíochta atá ar fáil ar líne, as litríocht éagsúil agus as na léarscáileanna agus na cuimhní cinn a d'fhoilsigh Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann ríthábhachtach chun bonnlíne ithreacha agus gheolaíochta a bhunú don fhorbairt bhóthair atá beartaithe agus b'acmhainn fhíorluachmhar iad ó thús an tionscadail agus le linn na measúnuithe ar an timpeallacht ithreacha agus gheolaíochta.

## 4.7 Iarratas ar Eolas Suirbhé

### Ceisteanna

4.7.1 D'iarr aighneacht/agóid amháin, Ob_111, torthaí suirbhéanna a rinneadh ar a gcuid maoine.

4.7.2 "*Tuigimid go ndearnadh suirbhéanna sa limistéar ach arís mar gheall ar easpa rannpháirtíochta, chuir an chomhairle srian ar na torthaí a fuair ár gcliaint, agus mar gheall air sin, ní féidir lenár gcliaint torthaí a d'fhéadfadh a bheith ann a cheistiú*"

### Freagra

4.7.3 Déantar cur síos ar shonraí na suirbhéanna éagsúla a rinneadh maidir le Ithreacha agus Geolaíocht i gCuid 9.2.4.3 de Chaibidil 9 de TMTT agus aithnítear suíomhanna na suirbhéanna éagsúla i bhFíoracha 9.8.001 go 9.8.012 de TMTT. Tá na tuarascálacha fíorasacha suirbhé le fáil in Aguisín A.9.1 de TMTT.

4.7.4 Bunaítear an plean agus próifíl do shamhail choincheapúil an láithreáin, a léirítear i bhFíoracha 9.8.001 go 9.8.012 de TMTT, ar na sonraí ón imscrúdú talún a rinneadh don fhorbairt bhóthair atá beartaithe. Tá an limistéar atá i gceist idir Ch. 0+300 agus Ch. 0+350 den fhorbairt bhóthair atá beartaithe. Mar is léir ó Fhíor 9.8.01 críochnaíodh dhá pholl trialach (TP3/02 agus TP3/03) go háitiúil mar chuid den mheasúnú TMTT. Cuimsíonn na dálaí talún sa limistéar sin barrithir, gairbhéal créúil/sioltach, cré ghairbhéalach ghainmheach thar bhuncharraig eibhir (Batailit Eibhir na Gaillimhe).

4.7.5 Is é an topagrafaíocht áitiúil go méadaítear an suíomh go háitiúil ó thuaidh ó thart ar 22 go 24mOD sa limistéar atá i gceist. Léirítear i bhFíor 9.8.001 go bhfuil an leibhéal talún atá beartaithe don fhorbairt bhóthair atá beartaithe thart ar 21 go 23mOD. Dá bhrí sin, gearradh isteach is mó a bheidh i gceist ar an láthair leis an bhforbairt bhóthair atá beartaithe (1 go 2 m).

## 4.8 Dearadh Claífoirt

### Ceist

4.8.1 Ceistíodh in aighneacht/agóid amháin, Ob 521_O_517.14 02.4, cibé acu a mbeadh an claífort in ann plandaí a chothú nó nach mbeadh.

4.8.2 “*Iarraimid go gcuirfear faisnéis bhreise ar fáil i dtaobh an bhruaigh mhóir d'fhonn a chinntiú gur dearadh i gceart é agus gur féidir leis an bhfána etc plandaí aibí, mar a mholtar, a chothú (mura dearadh i gceart é, fágfar seasc é)*”.

### Freagra

4.8.3 Tá an limistéar i gceist idir Ch. 8+450 agus Ch. 8+525 cóngarach don N59 Bóthar Mhaigh Cuilinn. Sa limistéar seo, tá an claífort thart ar 8 méadar ar airde os cionn leibhéal na talún atá ann cheana agus tá lorg fána de 16 mhéadar ann a sholáthraíonn fána 1 (V) cheartingearach in 2 (H) chothrománach (H)..

4.8.4 Cuirtear faisnéis bhreise maidir le dearadh claífort i láthair i gCuid 5.6.2 de Thuarascáil Dearaidh Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe, atá in Aguisín A.10.1 den Fhreagra IFB a cuireadh isteach i mí Lúnasa 2019. Tá réamh-mheasúnú déanta againn ar chobhsaíocht chlaífoirt bunaithe ar chleachtas agus treoirlínte caighdeánacha. Bunaithe ar ár measúnú cobhsaíochta, tá na claífoirt atá beartaithe le tógáil ar fhánaí 1V in 2H de réir an fhána atá i gceist.

4.8.5 Toisc gur fána claífoirt é seo atá níos airde ná 5.0m, cuirfear sraitheanna draenála (nó sraitheanna inchomparáide cobhsaíochta) a bheidh comhdhéanta d'ábhar gráinneach (nó geoiteicstíl) isteach ag pointí éagsúla ar feadh an chlaífoirt chun an úscaíl anuas a spreagadh agus dá bhrí sin cobhsaíocht fána a mhéadú.

4.8.6 Rinneadh na plandaí a roghnú i bhfianaise gur dromchla claonta atá ann. Ní chuirfidh an plandú isteach ar chobhsaíocht fhoriomlán an chlaífoirt. Soláthraíonn an plandú tacaíocht bhreise dromchla agus laghdóidh sé tuilleadh creimeadh dromchla agus cobhsaíocht.

4.8.7 Rinneadh claífort a dhearadh agus sonraítear an dearadh sin i gCuid 5.6.2 de Thuarascáil Dearaidh Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe, atá in Aguisín A.10.1 den Fhreagra IFB a cuireadh isteach i mí Lúnasa 2019.

## 4.9 Cobhsaíocht Fána na nGearrthacha

### Ceist

4.9.1 Ceistíodh in aighneacht/agóid amháin, Ob_691, cobhsaíocht fána na ngearrthacha.

4.9.2 (Ob 691) “*51. Deirtear sa tuarascáil maidir le bailíocht na tógála (2.2 Dálaí Talún) go ndéanfar na fánaí sealadacha inghlactha carraige a mheas bunaithe ar shonraí ón iniúchadh breise talún roimh thógáil. Seachas na riachtanais faoi MMT maidir le measúnú agus luacháil cheart a dhéanamh ar an obair sula gceadaítear an tógáil, tá imní ar Choiste Rásaí na Gaillimhe nár léirigh an Forbróir cén fáth a bhfuil an t-imscrúdú breise talún de dhíth, cé a dhéanfaidh an t-imscrúdú, an úsáid a bhainfear as na torthaí agus cibé an athróidh na torthaí a bhfuil sa tuarascáil bhailíochta tógála nó nach n-athróidh agus cibé ar smaoinigh an forbróir ar an tionchar a bheadh ag athrú dá leithéid nó nár smaoinigh. Níl sé soiléir cén fáth a bhfuil na fánaí carraige i gCuid 2.1 Dálaí talún difriúil ó na fánaí a aithnítear i gCuid 2.2 den chur síos ginearálta ar an struchtúr atá beartaithe*”.

### Freagra

4.9.3 D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le himscrúdú talún breise in áiteanna sonracha ag céim na tógála chun an dearadh deiridh a dheimhniú nó a fhorlíonadh. Déanfar aon imscrúduithe talún a dhearadh chun críche ar leith, mar shampla sa chás seo chun an uillinn fána deiridh a shocrú do na fánaí carraige ar an suíomh seo sna cásanna sealadacha agus buana araon. Déanfaidh conraitheoir oiriúnach imscrúdaithe talún, a cheapfar de réir nósanna imeachta soláthair phoiblí, an suirbhé.

4.9.4 Meastar an t-imscrúdú talún agus na sonraí bonnlíne a bailíodh a bheith críochnúil agus leordhóthanach chun an measúnú ithreacha agus geolaíochta a thabhairt chun críche mar a luaitear i gCuid 9.2.4 de Chaibidil 9 de TMTT agus ní cheadófar aon athruithe ar dhearadh an fhána san iarratas seo a mbeadh tionchar níos diúltaí acu ná na cinn a shainaithnítear in TMTT.

4.9.5 Dearadh fánaí carraige bunaithe ar an saineolas agus ar an tuiscint atá againn ar an mbun-charraigmhais ó imscrúdú talún agus ó shonraí bonnlíne agus mar sin, ar na huillinneacha cobhsaí oiriúnacha fána is féidir a thógáil. Mar a luadh i gCuid 2.2 d'Aguisín A.7.4 de TMTT, dearadh na huillinneacha fána buana chun uillinneacha fána ghearrtha de 1V:1.5H agus 1V:1H. Beidh uillinneacha fána na bhfánaí sealadacha carraige éagsúil agus d'fhéadfadh sé go mbeadh uillinn fána níos géire i gceist leo mar gheall gur fánaí sealadacha iad agus dá réir sin gur lú riachtanais dearaidh saoil a bhaineann leo. Is fánaí sealadacha iad na fánaí carraige i gCuid 2.1.

## 4.10 Sonraí faoi na hOibreacha Créafóige

### Ceisteanna

4.10.1 Tarraingíodh saincheisteanna anuas i ndáil leis na hoibreacha créafóige i dtrí aighneacht/agóid: Ob_158, Ob_261 agus Ob_484

4.10.2 Ob 158 *Ba chóir go mbeadh na sonraí seo curtha ar fáil do mo chliant lena n-áirítear: Sonraí maidir leis an ngearradh agus an líonadh a theastaíonn os comhair maoine mo chliaint.*

4.10.3 Ob 261 *Ón athbhreithniú a rinneamar ar na líníochtaí, tugaimid faoi deara go bhfuil gearradh suntasach créafóige i gceist an dearadh bóthair atá beartaithe don limistéar in aice le thailte ár gcliant. Tá sé deacair an tionchar a bheidh aige sin a oibriú amach sa líníocht i bhFíor 5.3.02 (Bileog 3 de 21) agus chuige sin d'iarr muid líníocht níos mionsonraithe ó na comhairleoirí tionscadail Arup. Táimid fós ag feitheamh ar fhreagra ar ár n-iarratas.*

4.10.4 Ob 484 *Ón athbhreithniú a rinneamar ar na líníochtaí, tugaimid faoi deara go bhfuil líonadh suntasach créafóige i gceist leis an dearadh bóthair atá beartaithe don limistéar in aice le tailte ár gcliaint. Tá sé deacair an tionchar a bheidh aige sin a oibriú amach sa líníocht i bhFíor 5.3.05 (Bileog 5 de 15 go bileog 7 de 15) agus chuige sin d'iarr muid líníocht níos mionsonraithe ó na comhairleoirí tionscadail Arup. Táimid fós ag feitheamh ar fhreagra ar ár n-iarratas.*

## Freagra

4.10.5 Maidir le Ob 158 - tugann Fíor 9.8.002 léiriú ar na dálaí talún agus ar na riachtanais ghearrtha agus líonta thart ar an maoin. Tá an fíor seo le fáil in TMTT agus soláthraíonn sí faisnéis faoin imscrúdú talún mar aon leis an bhfaisnéis ar a dtugtar Plean agus Próifíl don fhorbairt bhóthair atá beartaithe.

4.10.6 Ag an láthair seo moltar go ndéanfaí mionoibreacha créafóige ar bhóthar ceangail Throscaí L5387 a ritheann os comhair a gcuid maoine.

4.10.7 Maidir le Ob 261 - tugann Fíor 9.8.004 léiriú ar na dálaí talún agus ar na riachtanais ghearrtha thart ar na tailte atá i gceist. Tá an fíor seo le fáil in TMTT agus soláthraíonn sí faisnéis faoin imscrúdú talún mar aon leis an bhfaisnéis ar a dtugtar Plean agus Próifíl don fhorbairt bhóthair atá beartaithe.

4.10.8 Tá an topagrafaíocht áitiúil athraitheach agus droimneach go dtí uasairde de 66mOD sa limistéar thart ar na tailte atá i gceist, léiríonn an líníocht go bhfuil an leibhéal talún atá beartaithe don fhorbairt bóthair atá beartaithe idir 58 agus 60mOD cóngarach do na tailte atá i ceist. Dá bhrí sin beidh an fhorbairt bhóthair atá beartaithe gearrtha isteach go ginearálta ar an láthair sin, tuairim is 8m faoin uasairde.

4.10.9 Reáchtáladh cruinniú leis an úinéir talún seo ar an 21.01.19 agus tar éis an chruinnithe, eisíodh líníocht CAD 3D ar 22.01.19, agus cuireadh tuilleadh faisnéise ar fáil ar an 19.02.19.

4.10.10 Maidir le Ob 484 - tugann Fíor 9.8.012 léiriú ar na dálaí talún agus ar na riachtanais ghearrtha thart ar na tailte atá i gceist. Tá an fíor seo le fáil in TMTT agus soláthraíonn sí faisnéis faoin imscrúdú talún mar aon leis an bhfaisnéis ar a dtugtar Plean agus Próifíl don fhorbairt bhóthair atá beartaithe.

4.10.11 Is é an topagrafaíocht áitiúil sa limistéar sin go laghdaíonn an suíomh go háitiúil soir, tuairim is 58 go 60mOD sa limistéar timpeall ar na tailte atá i gceist. Léirítear i bhFíor 9.8.0012 go bhfuil an leibhéal talún atá beartaithe don fhorbairt bóthair atá beartaithe os cionn leibhéal na talún mar atá sé anois in aice leis na tailte atá i gceist. Dá bhrí sin beidh líonadh i gceist ar an láthair leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Rachaidh an claífort ó leibhéal reatha na talún go dtí thart ar 7.5m os cionn leibhéal reatha na talún.

4.10.12 Eisíodh faisnéis d’úinéir na réadmhaoine mar líníocht 3D CAD ar 22.01.19.

## 4.11 Disciplíní agus cáilíochtaí na speisialtóirí a chuir leis an bplean do Limistéar Sil-leagain Ábhar i gCairéal Leacaigh

### Ceisteanna

4.11.1 Tarraingíodh anuas in aighneacht/agóid amháin disciplíní agus cáilíochtaí na speisialtóirí a chuir leis an bplean le haghaidh Limistéar Sil-leagain Ábhar i gCairéal Leacaigh Ob_584.2.

4.11.2 Ob 158 Maidir leis an gceist ar *"Lch. 12, 2.8.2.1 Leagan amach deiridh an phlean do Chairéal Leacaigh", "cén fáth nach dtagraítear do/nach n-ainmnítear na "speisialtóirí" éagsúla disciplín agus nach dtugtar na cáilíochtaí atá acu sa tuarascáil seo? Tabhair sonraí le do thoil".*

### Freagra

4.11.3 Maidir le Ob 584.2 – Sa doiciméad dá dtagraítear san aighneacht, Iarratas ar Fhaisnéis Bhreise Imleabhar 1 – Tuarascáil, leagtar amach na speisialtóirí comhshaoil ag a raibh ionchur agus a rinne an measúnú comhshaoil ar na Limistéir Sil-leagain Ábhar. Rinne speisialtóirí éiceolaíochta, tírdhreacha agus amhairc, geoiteicniúla, hidrigeolaíochta agus hidreolaíochta ionchur dearaidh, athbhreithniú agus measúnú comhshaoil. Is iad na saineolaithe céanna a bhí mar chuid d'fhoireann TMTT agus cuirtear sonraí i láthair i dTábla 1.3 i gCaibidil 1 de TMTT. Sa tábla seo tugtar sonraí faoin bpríomh-shaineolaí i ngach ceann de na disciplíní mar aon leis an gcáilíocht atá acu. Is iad Aebhin Cawley agus Andrew Speer na saineolaithe éiceolaíochta tionscadail, is é Thomas Burns an saineolaí tírdhreacha agus amhairc, is í Juli Crowley an saineolaí geoiteicniúil, is í an Dr Leslie Brown an saineolaí hidrigeolaíochta agus is é Tony Cawley an saineolaí hidreolaíochta.

## 4.12 Soiléiriú ar an Limistéar Sil-leagain Ábhar

### Ceisteanna

4.12.1 Tarraingíodh anuas in aighneacht/agóid amháin líon na móna atá le cur in DA28 agus ceistíodh úsáid na móna i limistéar sil-leagain ábhar áit a bhfuil plandú gnáthóige beartaithe ina leith: S_018.2. Ardaíodh saincheisteanna in aighneacht/agóid amháin maidir leis an ábhar a chuirfear sa Limistéar Sil-leagain Ábhar sa chairéal: Ob_583.01.

### Freagra

4.12.2 Ag tagairt do Thábla í 3.2, 3.3 agus 6.2 d'Aguisín A1.11 den Tuarascáil IFB. Cuireann Aguisín A1.11 den Fhreagra IFB sonraí ar fáil faoi Chairéal Leacaigh tar éis na tógála agus tá athbhreithniú ar na Limistéir Sil-leagain Ábhar i gCairéal Leacaigh ann. Cuirtear sonraí na Limistéar Sil-leagain Ábhar mar atá in TMTT i gcomparáid leis an athrú a chuirtear i láthair san fhreagra IFB. Ba cheart a thabhairt

faoi deara go dtéann roinnt cúinsí éagsúla i bhfeidhm ar an bplean do Limistéar sil-leagain ábhar amhail na riachtanais maidir le cobhsaíocht fána, cobhsaíocht fána a ndearna pléascadh damáiste di, gnáthóg éiceolaíochta a chruthú agus a chothabháil.

4.12.3 An méid móna in DA28 a shoiléiriú. Tá sé beartaithe 14,000m3 móin a chur in DA28. De réir Aguisín 1.11 den Fhreagra IFB:

- Léirítear i dTábla 3.2 briseadh síos ar an ábhar a áirítear in TMTT don limistéar sil-leagain ábhair DA28 – 0m$^3$ móin.
- Léirítear i dTábla 3.3 briseadh síos ar an ábhar a áirítear leis an athrú atá beartaithe don limistéar sil-leagain ábhair DA28 – 14,000m$^3$ móin.
- Déantar comparáid i dTábla 6.2 idir an méid a chuirtear i láthair in TMTT (faoin gceannteideal TMTT) agus an acmhainn atá anois beartaithe don limistéar sil-leagain ábhar leis na hathruithe (faoin gceannteideal “acmhainneacht mheasta tar éis an athbhreithnithe”) agus deirtear gur féidir oiread agus 14,000m$^3$ móin a chur in DA28

4.12.4 Mar a bhfuil ciseal saorshilteach faoin dromchla ag teastáil don phlandú gnáthóige i limistéar sil-leagain ábhar ar féidir móin a chur ann (lena n-áirítear limistéir sil-leagain ábhar DA24, DA25 agus DA28 i gCairéal Leacaigh), cuirfear ciseal saorshilteach idir an ciseal móna agus an ciseal gnáthóige atá le cruthú. Beidh an t-ábhar saorshilteach taobh istigh de chiseal deighilte scagtha (e.g. geoiteicstíl) a bheidh os cionn an ábhair agus faoin ábhar chun nach mbogfaidh an dríodar mín, rud a chinnteoidh feidhmiúlacht an chisil.

4.12.5 Cuirtear na prionsabail atá le húsáid nuair a bhíonn móin á láimhseáil i láthair i Limistéir Sil-leagain Ábhar – Tuarascáil Bhonnlíne, atá le fáil in Iarscríbhinn 2 d’Aguisín A.1.11 den Fhreagairt IFB. Áirítear leo sin gluaiseachtaí plandaí a íoslaghdú, limistéir chuí stórála sealadacha a úsáid atá gar don áit a bhfuil an tochailt ar siúl agus moill a íoslaghdú idir an sil-leagan deiridh agus an tochailt. Déantar cur síos sa tuarascáil freisin ar na roghanna aschuir móna lena n-áirítear:

- An mhóin a chur sa chuid lárnach uachtarach den Limistéar Sil-leagain Ábhar amháin (ábhar U1 curtha i bhfánaí bunda agus i mbonn)
- An mhóin a chumasc le móin chomhdhlúite, ábhar gráinneach nó stroighin
- An mhóin a thriomú chun an cion taise nádúrtha a laghdú
- Coimeád, ach an limistéar sil-leagain a dheighilt ina chealla, agus struchtúr na gceall tógtha as ábhar neamh-thréscaoilteach
- An mhóin a chlúdach le fo-ithreacha nó le barrithir chun giniúint deannaigh a chosc agus chun bailchríoch chuí éiceolaíochta/tírdhreacha a chur ar an dromchla
- Cuirtear cóireáil éiceolaíochta/tírdhreacha ar dhromchla an limistéir sil-leagain ábhar. Ba chóir go mbeadh an chóireáil feiliúnach don timpeallacht áitiúil agus d’fhéadfadh sé go mbeifí in ann síolú a chur air, fraochmhá a fhorbairt, le toir nó gan toir.

4.12.6 Rinneadh measúnú oiriúnachta ar ábhair ó oibreacha créafóige a chruthófar i rith na tógála atá sa bhreis ar an méid a theastaíonn chun an fhorbairt bóthair atá beartaithe a líonadh i dtaobh athúsáid tairbheach ar an suíomh i Limistéir Sil-leagain Ábhar laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe. Grúpáiltear na hábhair Limistéar Sil-leagain Ábhar in dhá chatagóir a bhfuil tionchar orthu ag a saintréithe innealtóireachta, Móin agus U1, Ábhar Neamhghuaiseach. Is iondúil gur barrithir, talamh réitithe comhdhéanta d'ábhar saorga, carraig chréúil agus chailcíte, lomáin, grágáin agus cré (líon taise fo-optamach) a bhíonn in U1 Ábhar Neamhghuaiseach. Is ábhar neamhghuaiseach an t-ábhar seo. Phléigh mo chomhghleacaí Martin Hogan le sláinte an duine ina Ráiteas Fianaise.

# 5 Conclúid

5.1 Déantar na príomhcheisteanna a cuireadh sna haighneachtaí agus sna hagóidí i ndáil le hithreacha agus geolaíocht a rangú faoi dhá cheannteideal mar seo a leanas:

1) Na Tionchair Fhéideartha ar an Timpeallacht Ithreacha agus Gheolaíochta:

2) Aighneachtaí a bhaineann leis an ndearadh:

5.2 Mar fhocal scoir, rinneadh na saincheisteanna thuas a bhreithniú go hiomlán mar aon le freagairt a thabhairt ar gach ceann de na haighneachtaí a bhaineann le dearadh.

5.3 Tar éis na haighneachtaí agus agóidí a bhreithniú, ní athraítear na conclúidí ar an measúnú ar ithreacha agus ar gheolaíocht mar cuirtear i láthair i gCuid 9.8 de Chaibidil 9 den TMTT iad.

5.4 Tá an measúnú ar thionchair fhéideartha ar ithreacha agus ar gheolaíocht a rinneamar i ndáil leis an timpeallacht ithreacha agus gheolaíochta áitiúla le fáil in TMTT, measúnú a rinneadh le staidéir deisce (faisnéis atá ar fáil go poiblí), imscrúduithe siúil agus imscrúduithe talún a cuireadh i gcrích don fhorbairt bóthair atá beartaithe.

5.5 Laghdaíodh an tionchar a bheadh ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an timpeallacht ithreacha agus gheolaíochta ach na bearta maolaithe a leagadh síos a chur i bhfeidhm.

5.6 Meastar nach mbeidh ach tionchar dofheicthe ar an timpeallacht gheolaíochta ag na gníomhaíochtaí oibriúcháin a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe.